# Ag roghnú, ag cruthú agus ag obair le hacmhainní chun OSPS/OCG a theagasc

## Réamhrá

Is é is aidhm leis an ábhar seo ná tacú leat agus tú ag roghnú, ag cruthú agus ag obair le hacmhainní chun OSPS/OCG a theagasc. Cuimsíonn sé na codanna seo a leanas:

- Acmhainní a roghnú
- Do chuid acmhainní féin a chruthú
- Ag obair le hacmhainní
- Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí[1]?
- Léitheoireacht bhreise

## Forléargas ó thaighde

Bíonn ról tábhachtach ag acmhainní in eispéiris foghlama. Ba cheart do scoileanna cuimhneamh ar shamplaí a roghnú a bhfuil nasc acu le haidhmeanna agus le cuspóirí an churaclaim agus a léiríonn polasaithe na scoile (CNCM, 1999, lch. 33). Mar chuid de chur chuige oideolaíoch iomlán, is féidir le hacmhainní cur le teagasc agus foghlaim éifeachtach ar shlí dhearfach, ionchuimsitheach agus thacúil. Nuair a bhaintear úsáid as réimse leathan d'acmhainní a léiríonn an saol mar atá agus comhthéacsanna shaol na bpáistí, is féidir leis sin tacú leo mothú ar a suaimhneas agus go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad le feiceáil in eispéiris foghlama. Ba cheart go ndéanfadh polasaí OSPS agus OCG do scoile cur síos ar acmhainní a roghnaíodh le húsáid.

## Acmhainní a roghnú

D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas a bheith úsáideach agus do chuid acmhainní á roghnú agat:

- An bhfuil siad ábhartha do do chomhthéacs agus do do rang? Cuimhnigh ar acmhainní atá ábhartha do thopaicí agus ceisteanna éagsúla in OSPS/OCG, lena n-áirítear cuspóirí an churaclaim, aois agus leibhéal na bpáistí, mar aon leis an tslí a dhéanann an acmhainn ceangal le saol na bpáistí i do rang.
- An bhfuil siad cruinn agus an mbaineann siad le haois/céim an churaclaim? Ba cheart go léireodh an t-eolas a chuirtear i láthair sna hacmhainní an fhoghlaim atá beartaithe sa churaclam agus ba cheart dó a bheith cruinn.
- An bhfreastalaíonn siad ar riachtanais chineálacha éagsúla foghlaimeoirí?
- An gcuireann siad foghlaim ghníomhach chun cinn? B'fhéidir go gcuimhneofá ar cé chomh maith a chuireann an acmhainn deiseanna le haghaidh foghlama gníomhaí ar fáil, an phríomh-mhodheolaíocht chun OSPS/OCG a theagasc.
- Cuimhnigh ar an eolas agus ar na scileanna a theastaíonn ó na páistí le bheith páirteach in úsáid na hacmhainne agus cinntigh go soláthraíonn a húsáid leibhéal oiriúnach dúshláin agus rannpháirtíochta.
- An gcuireann siad cúlraí agus creidimh teaghlaigh éagsúla san áireamh? B'fhéidir go gcuimhneofá ar cé chomh maith a léiríonn an acmhainn na páistí agus an réimse féiniúlachtaí i do rang ach an scoil agus an pobal níos leithne freisin.
- An bhfuil na hacmhainní a roinnfear ar fáil sa teanga a úsáideann an teaghlach sa bhaile? Cé nach mbíonn sé seo indéanta i gcónaí, tá roinnt acmhainní ar fáil i dteangacha éagsúla.
- An bhfuil siad saor ó chlaonadh agus steiréitíopaí?
- Bí cáinteach agus tú ag ceannach acmhainní tráchtála. An bhfuil siad ar ardchaighdeán, ionchuimsitheach agus ag teacht le polasaí OSPS/OCG na scoile? An ndearna eagraíocht iontaofa iad? An bhfuil aon teachtaireachtaí faoi cheilt san acmhainn?

[1] Is ionann tuismitheoirí anseo agus máithreacha, aithreacha agus daoine a bhfuil freagracht tuismitheora acu i gcaidrimh dhifriúla tuismitheoireachta. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé sin tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leastuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla agus cúramóirí.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

# Ag roghnú, ag cruthú agus ag obair le hacmhainní chun OSPS/OCG a theagasc

## Machnamh an Mhúinteora

- Agus tú ag déanamh machnamh ar chuid de na hacmhainní a roghnaigh tú chun OSPS/OCG a theagasc, cé na ceisteanna ba thábhachtaí duit agus cén fáth?
- Conas a mheasann tú cé acu atá nó nach bhfuil acmhainn ar chaighdeán maith?
- Agus tú ag cuimhneamh ar na bealaí éagsúla inar féidir iad a úsáid, cé na bealaí a d'úsáid tú chun OSPS/OCG a theagasc, agus cé na cinn ar éirigh go maith leo?
- An bhfuair tú comhairle ó bhainistíocht na scoile nó ar fhéach tú ar bheartas agus liosta ceadaithe clár / acmhainní na scoile, má bhí gá leis?

## Forléargas an Mhúinteora

*Sna blianta tosaigh ar an mbunscoil, sílim go gcaithfidh tú cuimhneamh ar éagsúlacht na mbréagán atá i do rang agat agus go háirithe i do choirnéal baile. Thug mé faoi deara nuair a bhí roinnt páistí ag súgradh i mo choirnéal baile nach raibh siad cinnte céard a bhí le déanamh acu le cuid de na gnáthphaicéid bhia a thug mé isteach ó mo theach féin. Nuair a d'iarr mé ar na páistí cuid dá gcoimeádáin bhia fholmha féin a thabhairt isteach, bhí siad i bhfad ní ba chompordaí ag úsáid rudaí a d'aithin siad agus iad ag súgradh. Nuair a thug mé é seo faoi deara, rinne mé iarracht a chinntiú go léiríonn an coirnéal baile cineálacha éagsúla tithe agus cultúr. Mar shampla, chuir mé bábóga a bhfuil dathanna craicinn éagsúla orthu san áireamh mar aon le héagsúlacht fabraicí agus éagsúlacht de spreagthaigh amhairc a léiríonn níos mó ná an bharúil atá agam féin ar an teach. Sílim go mbíonn na páistí i bhfad níos muiníní agus iad ag súgradh agus ag caint liom faoi na rudaí atá siad ag déanamh nuair a fheiceann siad go léirítear iad féin agus a saol sa bhaile sna hacmhainní atá agam sa seomra ranga.*

## Do chuid acmhainní féin a chruthú

Cé go bhfuil réimse leathan d'ábhar acmhainne ar fáil chun OSPS/OCG a theagasc, in amanna d'fhéadfadh sé go mbeadh ort do chuid acmhainní féin a chruthú chun freastal ar riachtanais na bpáistí i do rang. Nó, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé indéanta acmhainní reatha a chur in oiriúint. Seo thíos roinnt samplaí d'acmhainní ab fhéidir leat a chruthú chun tacú leis an teagasc.

- **Acmhainní inláimhsithe:** Maidir le hacmhainní inláimhsithe a chruthú nó a aimsiú a dteastaíonn ó na páistí iad a láimhseáil, a mhúnlú nó a thástáil, d'fhéadfadh sé gur bealach tábhachtach é seo freastal ar a gcuid riachtanas agus cur le cur chuige foghlama gníomhaí i do rang. In OSPS/OCG is féidir an cur chuige seo a úsáid i ranganna níos sine, mar shampla, nuair atáthar ag féachaint ar tháirgí sláinteachais.
- **Póstaeir agus léaráidí:** Is minic a thacaíonn íomhánna le gnéithe teagaisc de OSPS/OCG agus is féidir leo príomhchúram a chur ar fáil do chaint agus plé. D'fhéadfadh sé nach gcuirfeadh póstaeir agus léaráidí a dhéantar ar bhonn tráchtála ar do chumas ar an gcaoi chéanna an acmhainn a idirdhealú nó a oiriúnú d'aois/do chéim na bpáistí i do rang.
- **Teicneolaíochtaí digiteacha:** Is féidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha mar acmhainn tacú le teagasc agus foghlaim in OSPS/OCG. In amanna is féidir le cur i láthair bonn cainte agus plé a chur ar fáil. In amanna eile, is féidir le huirlisí teicneolaíochta digití a úsáid le freagraí a thabhairt tacú le foghlaim ghníomhach, cuir i gcás, grianghraif a ghlacadh, taifeadtaí fuaime nó físeáin den fhoghlaim.
- **Taispeáint:** Cuimhnigh ar do chuid taispeántas mar acmhainn amhairc i do rang. Cinntigh go mothaíonn na páistí go bhfuil siad le feiceáil agus go ndéantar ionadaíocht orthu sna taispeántais. Cibé acu má tá tú ag taispeáint a gcuid oibre nó ag úsáid póstaer/íomhánna, cinntigh go gcuireann siad cúlraí agus dathanna craicinn na bpáistí san áireamh.

# Ag roghnú, ag cruthú agus ag obair le hacmhainní chun OSPS/OCG a theagasc

## Ag obair le hacmhainní

B'fhéidir go gcuimhneofá ar chuid de na moltaí seo a leanas agus tú ag úsáid ábhar acmhainne chun OSPS/OCG a theagasc.

- Cuimhnigh ar na bealaí inar féidir acmhainní a chur in oiriúint le gach páiste atá i do rang a chur san áireamh. Mar shampla, d'fhéadfá
  - ainmneacha na gcarachtar i gceachtanna/scéal a leasú d'fhonn léiriú níos fearr a thabhairt ar phobal na scoile
  - cur le híomhánna atá níos ionchuimsithí a chur ina n-ionad
  - iarghníomhaíochtaí éagsúla a phleanáil a d'fhéadfadh a bheith níos oiriúnaí do do rang.

- Acmhainní a thabhairt isteach i do chuid teagaisc a léiríonn teaghlaigh agus cúlraí cultúrtha na bpáistí atá i do rang. Is minic gurb í an acmhainn is fearr leis seo a bhaint amach ná leabhair phictiúr mar aon le híomhánna a phriontáil a léiríonn an éagsúlacht i do rang, le cur ar taispeáint agus le haghaidh cainte agus plé.


- Leasaigh nó cuir leis an acmhainn de réir mar is gá chun tacú le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu. Tá sé tábhachtach cuimhneamh ar ábhair a chur ar fáil, lena n-áirítear ábhair inláimhsithe agus áiseanna amhairc, a thugann eispéiris ilchéadfaí do pháistí. Cuimhnigh go bhféadfaí go mbeadh acmhainní atá curtha in oiriúint do riachtanais an duine aonair ag teastáil ó roinnt páistí a bhfuil RSO acu a d'fhreastalódh ar na hábhair spéise agus ar na hinniúlachtaí atá acu agus ar féidir leo tacú lena gcuid spreagtha agus rannpháirtíochta. Bíodh acmhainní ó leibhéil/aoiseanna ranga níos ísle ar eolas agat chun iad a úsáid do pháistí a bhfuil RSO acu agus cinntigh go bhfuil na híomhánna, na coincheapa agus an teanga oiriúnach. Déan idirdhealú, más gá, le cinntiú go gcoinnítear an rannpháirtíocht agus an spreagadh foghlama.

- Leasaigh nó cuir leis an acmhainn de réir mar is gá chun tacú le foghlaimeoirí Béarla mar Theanga Bhreise. Cuimhnigh ar na bealaí a ndéanann tú ceangail le teanga agus cultúr dúchais na bpáistí ionas gur féidir leo naisc agus ceangail fhónta a dhéanamh.

- Leagtar an curaclam amach ar bhealach bíseach. Ag cuimhneamh ar an am agus ar an dua a chaitear le hacmhainní a chruthú agus ar chostas roinnt acmhainní a cheannach, is fiú a chinntiú gur féidir acmhainn a úsáid chun go leor cuspóirí curaclaim a bhaint amach agus chun tacú leis an gcruth bíseach atá air. Is fiú cuimhneamh freisin ar cibé acu d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí acmhainn a úsáid i réimsí eile an churaclaim d'fhonn an chomhtháthaithe agus nuair atáthar ag pleanáil de réir téama.

- Bí i dteagmháil le tuismitheoirí go rialta faoi na hacmhainní agus na cláir a mbaineann tú úsáid astu chun OSPS/OCG a theagasc. Ba cheart cláir agus acmhainní aontaithe a ainmniú i bpolasaí OSPS/OCG na scoile, mar shampla, má tá an scoil ag baint úsáid as na hacmhainní 'Busy Bodies' nó an clár 'Walk Tall' ba cheart é seo a ainmniú.

### Machnamh an mhúinteora



- An bhfuil aon chonstaicí maidir le hacmhainní a roghnú, lena n-áirítear na ceisteanna atá luaite thuas?

- An ndéanann polasaí OSPS/OCG do scoile cur síos ar na hacmhainní atá faofa le húsáid i do scoil?


- An mbíonn deis ann leis na hacmhainní aontaithe i do pholasaí OSPS/OCG a athbhreithniú agus a uasdátú go rialta?


NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Ag roghnú, ag cruthú agus ag obair le hacmhainní chun OSPS/OCG a theagasc

## An chéad chéim eile?


Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí?



**Foghlaim sa bhaile:** B'fhéidir go gcuimhneofá ar chead a thabhairt do pháistí roinnt acmhainní a bhaineann le OSPS/OCG a thabhairt abhaile leo chun tacú le rannpháirtíocht le tuismitheoirí. D'fhéadfadh sé go mbeadh íomhánna, cluichí, nó leabhair i gceist.

**Cumarsáid:** In amanna is féidir é a bheith deacair do thuismitheoirí a choincheapadh conas a dhéantar OSPS/OCG a theagasc agus nuair a dhéantar ceangail nó samplaí a úsáidtear a roinnt leo is féidir leis sin tacú leo é a thuiscint.

Léitheoireacht Bhreise



lgh. 31-33 agus lch.103, OSPS Treoirlínte do Mhúinteoirí de chuid CNCM (1999), An Roinn Oideachais agus Scileanna, Baile Átha Cliath.

Busy Bodies - Leabhrán faoi chaithreachas agus ógántacht duitse agus do do thuismitheoirí

Tagairtí

CNCM (1999), *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte*, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Baile Átha Cliath.